UNIVERSITY OF TORONTO
3 1761 00312513 5

Tolstoy, Leo
[Ot nei vse kachestva.
Irish]
Fioraon le fiaran

PG
3367
I4807

UNIVERSITY OF TORONTO
VELUT ARBOR ÆVO

*From the Library*

*of*

PÁDRAIG Ó BROIN

# FÍORAON LE FIARÁN

CLUIĊE DE ĊUID LEO TOLSTOY

"FIAĊRA ÉILGEAĊ"

do ċuir Gaedilg air

Át Cliat:
An Comar

1/-

# Fíoraon le Fiarán

## Cluiċe Aonġníṁ

Fiaċra Éilgeaċ
do ċuir Gaeḋilg air

Áṫ Cliaṫ:
An Coṁar

Ċum léiriġṫe an ċluiċe seo
ní fuláir cead ón gCoṁar.

LIBRARY
17 NOV 1977
UNIVERSITY OF TORONTO
PG 3367 I48O7

# Fioraon le Fiarán*

---

## Is iad is fuireann ann:

| | |
|---|---|
| Aculíne (70) ... | Seanḃean éasca ṁaorḋa den tseanaimsir. |
| Miċeál (30) ... | A mac, rábaire bruiṫneaċ poimpeaċ. |
| Marta ... | A ḃean san, duine luaṫḟoclaċ cannránaċ. |
| Taras ... | An té is tanaiste do Ṡeanóir an baill: duine atá riġin-ḟoclaċ forcamásaċ. |
| Fánuiḋe (40) ... | Duine lom corraṫónaċ a laḃrann go sollamanta; é go róṁuinnteardḋa ar mbeiṫ súgaċ do. |
| Eaġnaċán (40) ... | Cóbaċ atá meaḋraċ dall-inntinneaċ. |

---

* Culaiṫ Gaeḋilge ar ċluiċe de ċuid Leo Tolstoy.

## Raḋarc a hAon

Aimsir ḟoġṁair ann. Boṫóg tuaiṫe ann, agus cuid de ina ṡeómra. Aculíne i láṫair agus í ag sníoṁ. Marta, .i. bean an tiġe, agus í ag fuine aráin ar clár.

### Marta

Ó, a ḃaoinaċ an doṁain an ċuma n-a ḃfuil mo ċroiḋe boċt dá ṡníoṁ ! Tá a ḟios agam go maiṫ gur ab í an ḃuairt atá ċuġainn ; cad eile a ḃeaḋ dá ċoimeád sa ḃaile mór ? Isé dála an lá fé ḋeire é, nuair a ċaiṫ sé le rabairne sa tábairne leaṫ an méid a fuair sé ar an ualaċ connaiḋ. Agus mise ḃíonn ṫíos le gaċ aon tiubaist aige.

### Aculíne

Cá ḃfuil an gába le dul i gcoinne an annró ? Tá sé luaṫ fós, agus cuiṁniġ ar an mbóṫar fada atá le siuḃal aige. Fan go fóill go ḃfeiceam . . .

### Marta

“Tá sé luaṫ fós” ! Ná fuil ár gcoṁursa sa ḃaile ċeana féin, fear d'imtiġ abfad níosa déiḋnaiġe ar maidin, aċt níl éinrian dfear an tiġe seo fós ! Níl éinṗioc pléisiúir 'san áit ; níl againn aċt buairt agus síorḃuairt ó ṁaidin go hoiḋċe.

### Aculíne

Níor ġáḃa don ċoṁursain aċt a ualaċ a ḃreiṫ lomdíreaċ ag triall ar a ċustomaeir ; aċt ḃí ar ár ḃfear-na dul ar an margaḋ agus a ċuid féin a ḋíol.

MARTA

Ní ḃeaḋ imṡníoṁ ar biṫ orm dá mbuḋ ina aonar a ḃeaḋ sé aċt tá Eagnaċán ina ṫeannta; agus níl éanuair a ḃíonn Míċeál i gcoṁluadar an leadránuiḋe diaḃail sin (go maiṫe Dia ḋam é!) ná gur ar meisce a ḃuaileann sé isteaċ ċugainn. Ní héantairḃe ḋúinn ḃeiṫ ag fuirse is ag stracaḋ moċ is déiḋnaċ. Níl donas sa tsaoġal ná fuil anuas ar mullaċ cinn orainn! Agus cad é an díoġḃáil dá mbeaḋ aonrud againn dá ḃarra! Aċt níl! Níl sólás ná sóġċas againn aċt sinn ar séirse ó ṁaidin go hoiḋċe.

An doras dá leaṫaḋ, Tarás do ṫeaċt isteaċ agus fánuiḋe giobalaċ le n-a ċois.

TARÁS

Bail ó Ḋia oraiḃ annso! Seo duine go dteastuiġeann lóistín na hoiḋċe uaiḋ.

FÁNUIḊE

é d'umluġaḋ ḋóiḃ.

Gaḃaim cead agaiḃ.

MARTA

Cad fé ndear ḋuit ḃeiṫ á dtaḃairt so ċugainn-na ċoṁ minic sin? Ṫugamair aoiḋeaċt do ḋuine eile ist oiḋċe Ḋé Céadaoin; táir dá dtaḃairt annso i gcoṁnuiḋe. Buḋ ċeart duit iad a ċur ar fostuġaḋ ag cuid de sna coṁursain seo ná fuil éanċúram cloinne orṫa. Tá mo ḋaeṫin mór agamsa le déanaṁ agus féaċaint i ndiaiḋ mo ṁuiriġin féin, agus annso a ḃeireann tu na daoine seo i gcoṁnuiḋe.

TARÁS

Caiṫeann gaċ éinne cur suas leó, in ionad a ċéile. Siní an riaġail.

**MARTA**

"'In ionad a céile!" Tá go breaġ, aċt féaċ an scata páistí atá againn-na, agus rud eile ḋe, tá fear an tiġe as baile mar seo.

**TARÁS**

Ná bac san, taḃair lóistín do so anoċt; ní baoġal go dtiocfaiḋ éanċaiṫeaṁ mór ar an mball ina luiġfe sé.

**ACUILÍNE**

*Ag laḃairt leis an ḃfánuiḋe ḋí.*

Seaḋ, tair isteaċ agus suiḋ agus bí it ḋuine in ár measc.

**FÁNUIḊE**

Slán go raḃaḃair. An mbeaḋ éinġreim le n' iṫe agaiḃ do ḋuine?

**MARTA**

Tá rud le n' iṫe uait sara ḃfuil uain agat féaċaint timċeall. Ná fuairis éindéirc sa tsráid?

**FÁNUIḊE**

*Ag osnaiġeal do.*

Ní gnáṫaċ liomsa éindéirc d'iarraiḋ, agus nuair ná fuil faġáltas dem ċuid féin agam is éigean . . .

*Ag éiriġe ina suiḋe d'Acuilíne gaḃann ċum an ċláir, go ngearrann fód den ḃríce aráin, go síneann ċum an ḟánuiḋe é.*

**FÁNUIḊE**

*É do ṫógaint an aráin uaiṫi.*

Go ḃfága Dia ḃur saoġal is ḃur sláinte agaiḃ.

*Ag suiḋe ar an mbínse ḋo, go n-iṫeann an t-arán le hampal.*

TARÁS

Agus cá ḃfuil Míċeál uaiḃ ?

MARTA

Ualaċ féir a rug sé ar an margaḋ indiu. Is miṫid do a ḃeiṫ ṫar n-ais fadó riaṁ, aċt níl a ṫuairisc againn fós. Ní fuláir] nó is rud éigin a ḃain do.

TARÁS

Ḋera cad a ḃainfeaḋ do ?

MARTA

Seaḋ, cad a ḃainfeaḋ do ? Ní ḃaoġal gur éanníḋ foġanta a ḃainfeaḋ do, aċt a ṁalairt. Táimíd-na imṫiġṫe as a ċeann ċoṁ luaiṫ in Éirinn is ċuireann sé cos ṫar tairsiġ amaċ ! Bíoḋ geall go mbeiḋ braon ólta aige nuair ċasfa sé !

ACUILÍNE

*Ag suiḋe ḋi, ċum sníṁte, í do ḋíriuġaḋ a méir ċum Marta, agus do ráḋ le Tarás*

Níl innti a ḃeiṫ socair. Siné deirim féin i gcoṁnuiḋe, naċ fuláir do ṁnáiḃ cúis éigin ġearáin a ḃeiṫ aca.

MARTA

Ní ḃeaḋ eagla ar biṫ orm dá mbuḋ ina aonar a ḃeaḋ sé, aċt tá Eaġnaċán le n-a ċois.

TARÁS

*Ag déanaṁ mionġáire ḋó.*

Níl éanagó ná go ḃfuil dúil sa ḃraon ag Eaġnaċán.

ACUILÍNE

Naċ maiṫ is eól do Ṁíċeál cadé an sórt duine Eaġnaċán ! Ní mar a ċéile an ḃeirt in éanċor.

MARTA

Is breaġ boġ a ṫagann cainnt ċuġat, a ṁam; aċt táim tuirseaċ dá ċuid ólaċáin. Ḃuḋ mór an náire é a loċtuġaḋ nuair ḃíonn sé staidéarṫa, aċt tá a ḟios agatsa cadé an sórt é nuair a ḃíonn sé ar meisce. Ḃíonn gaċ aon níḋ bun os cionn; ní leigfeaḋ sé ḋuit éinníḋ a ráḋ.

TARÁS

Seaḋ, aċt féaċ ar na mnáiḃ ċoṁ maiṫ; ní mór dḟear braonín diġe ṫógaint. Is fíor go mbíonn sé beagáinín bóiceaṁail bagarṫaċ ina ḋiaiḋ, aċt cuireann sé an méid sin de le greas beag suain, agus bíonn gaċ aon níḋ ina ċeart as san amaċ; aċt ní fuláir dot leiṫéidse a ḃeiṫ dá ċráḋ le síorċannrán.

MARTA

Ní ṡásoġaḋ an doṁan mór é nuair bíonn braon ólta aige.

TARÁS

Aċt buḋ ċóir go dtuigtá ná bíonn leiġeas againn-na ar ḃraonín a ṫógaint anois is arís. Ar lic an teinteáin a ḃíonn do ġnó-sa, aċt ní mór dúinn-na braon beag nuair ḃíom i gcuideaċtain nó ag ceannaċ is ag díol. Agus cadé an díoġḃáil é?

MARTA

Ḃíoḋ do ṫuairim agat, aċt tá sé dian ar ṁnáiḃ, tá san! Ḃeaḋ a ṁalairt de ṗort agat aċt obair ban a ḃeiṫ le déanaṁ agaiḃ ar feaḋ aon tseaċtṁain aṁáin — fuine, cócaireaċt, sníoṁ, fiġe, féaċaint i ndiaiḋ na mbeiṫiḋeaċ, agus an ċuid eile de, agus na leanbaí a niġe agus a ċóiriuġaḋ agus rud le n' iṫe a ṫaḃairt dóiḃ; tá orainn-na san go léir a ḋéanaṁ,

agus á ráiniġeaḋ loċt aige seo ar an gcuma n-a ndéantar éanċuid den méid sin tá an scéal ina ṗraisiġ, go mórṁór nuair ḃíonn braon tógṫa aige. Ó, a ṫiarcais, a leiṫéid de ṡaoġal is tá againn !

### Fánuiḋe

An ḟírinne aṫá agat, a ḃean an tiġe. Máṫair an uilc an deoċ meisce ; is uaiṫi a ṡíolruiġeann gaċ aon ṁíáḋ ar doṁan.

### Tarás

Tá sí tar éis tuairt a ḃaint asatsa ċoṁ maiṫ, dar liom !

### Fánuiḋe

Níl, ní mar sin a ṫárla, ḃíoḋ nár ḋeiġeas glan saor ar fad. Ṫiocfaḋ go mbeaḋ malairt críċe orm muna mbeaḋ an braon.

### Tarás

Dar liomsa, níl éinṗioc doċair ann aċt gan dul ṫar fóir leis.

### Fánuiḋe

Aċt deirimse go ḃfuil treise a ḋóiṫin ann ċum éinḟear a ṁilleaḋ tar barr amaċ.

### Marta

Ṡiné deirimse leis : ní ḃfaġair tar éis do ḋíċill aċt aiṫis agus íde na madraí.

### Fánuiḋe

Agus ní hé sin féin é aċt tá daoine ann a ṡeólann sé ar buile ar fad agus tugann sé orṫa rudaí aite a ḋéanaṁ. Ní ḃacfaid le héinníḋ de ċuid coṁursan a ṫógaint faid is ḃíd staidéarṫa ; aċt ólaidís braon

agus sciobfaid ċum siubail pé níḋ a ṫagann fé n-a láiṁ. Is minic a ġeibeann duine leaḋbaḋ is priosúntaċt. Fear onóraċ macánta is eaḋ me féin ḟaid is ṡeaċnaim an t-ól, aċt ní luaiṫe ḃainim leis 'ná mar ṫagann fonn orm ċum gaċ níḋ a ḃuaileann umam a ḃreiṫ liom.

### ACUILÍNE

Agus sa duine féin a ḃíonn an tréiṫ sin dar liomsa.

### FÁNUIḊE

Is eaḋ gan aṁras, ċoṁ fada is ḃíonn an duine slán ; aċt sórt galair atá ann.

### TARÁS

Is deas an sórt galair é. An ḃfuil a ḟios agat cad a leiġeasfaḋ an galar san? — faoḃar bata, Seaḋ, slán agaiḃ go fóill.

*É do ġaḃáil amaċ an doras. Marta do ċuimilt a basa ar a ċéile, ag cur ċum imṫeaċta ḋi.*

### ACUILÍNE

*Í do ṫaḃairt fé ndear a ċuid aráin a ḃeiṫ iṫte ag an ḃfánuiḋe.*

Féaċ, a Ṁarta, a ċogar, taḃair fód eile den arán do.

### MARTA

Uċ, táim boḋar aige. Ní mór dam ḃeiṫ ag faire ar an gciotal so go dtí go ḃfiuċfa sé.

*Í do ġaḃáil amaċ. Ag éiriġe d'Acuilíne, í do ḋul anonn ċum an ċláir do ġearraḋ píosa den ḃuilín agus dá ṫaḃairt don ḃfánuiḋe.*

FÁNUIḊE

Go ḃfága Dia do ṡaoġal is do ṡláinte agat. Ḃí árdocras orm.

ACUILÍNE

Is dóċa gur sclábuiḋe ṫu?

FÁNUIḊE

Mise? Cearduiḋe do b'eaḋ mé.

ACUILÍNE

Agus cadé an pága a ḃíoḋ ag dul duit?

FÁNUIḊE

Ḃíoḋ caogad rúbal, seaḋ agus deiċ rúbal is trí fiċid féin.

ACUILÍNE

Ba ḋeas an cóiṁreaṁ é! Agus cionnas a ṫáinig an miáḋ ort mar sin?

FÁNUIḊE

An miáḋ! Ní mise an t-aon duine aṁáin go ḃfuil an miáḋ air. Ní féidir le héinfear macánta maireaċtaint agus an saoġal atá ann indiu.

MARTA

*Í do ṫabairt an ċiotail isteaċ.*

Ó, a ṫiarcais an doṁain! Ar meisce a ḃeiḋ fear an tiġe seo anoċt. Táim deiṁniteaċ de.

ACUILÍNE

Is baoġlaċ gur cúrsaí ragairne aige é.

MARTA

Abair é. Tar éis a ndéineann duine de stracaḋ is de ṡaoṫar, idir fuine is bácáil, cócaireaċt, sníoṁ is fiġeaċán, feiġleaċ bó is uile; ó a ḃaoinaċ an doṁain naċ ag mnáiḃ atá an saoġal. Agus níl éinníḋ ina ċeart nuair ḃíonn braon ólta aige-sean! . . . Labair aon ḟocal aṁáin ná taiṫniġeann leis agus siúd . . .

ACUILÍNE

*Ag déanaṁ an té ḋi.*

Agus níl de ṫé againn aċt an fuiġlaċ so. An nduḃraís leis a ṫuille a ṫabairt aḃaile leis?

MARTA

Duḃart. Do ġeall sé go dtaḃarfaḋ, aċt ní ċuiṁneoġa sé coiḋċe air! . . .

*Í do leagaint an tépot ar an gclár ag druideaṁain siar don ḃfánuiḋe.*

ACUILÍNE

Caḋé an cúis ná fanann tú ag an gclár? Táimíd díreaċ ċum braon té a ṫógaint.

FÁNUIḊE

Táim buiḋeaċ díḃ i dtaoḃ bur ḃféile.

*Ag leagaint a píopa uaiḋ do, é do ṡuiḋe ċum búird.*

ACUILÍNE

Agus cad is gairm duit? Scológaċt nó rud éigin dá ṡórt?

FÁNUIḊE

Ní scológ mé, ná ní duine uasal me. Is aṁla atá agam ná idir eatorṫa.

**Acuilíne**

Aiḋe !

Í do ṡíne cupán té ċuige

**Fánuiḋe**

Bíocan Pólannaċ do b'éaḋ m'aṫair: Ḃí beirt ṁáṫar agam. Is mó cor im ṡaoġal is im ġeinealaċ.

**Acuilíne**

Bíoḋ cupán eile agat. Agus an bḟuil foġluim ort?

**Fánuiḋe**

Muise go deiṁin féin ní rómór le ráḋ an méid léiġinn a fuaireas. Le gaibneaċt a ċuir mo ṁáṫair baistiġe me. B'iné an ċéad oide a ḃí agam, an gaḃa san. Agus b'idé an t-oideas a fuaireas uaiḋ—nár ṁó an greadaḋ tugaḋ dá inneóin 'ná dom ċloigeann boċt-sa. Aċt dá olcas é mar ċeann dam ní ḋeaġaiḋ aon ṁaoluġaḋ ar m'éirim aigne. Ċuaḋas ag obair do ġaḃa glas annsan agus ḃí meas aige-sean orm, i gcás go raḃas im ḟear cinn aige. Ċuireas aiṫne ar luċt léiġinn agus ġaḃas páirt le cumann polaitíoċta. Do léiġeas mórċuid den árdlitríoċt; agus ḃí i ndán dam céim mór a ḃaint amaċ sa tsaoġal mar ḃí árd-éirim inntinne agam . . .

**Acuilíne**

Ní fuláir nó ḃí.

**Fánuiḋe**

Muna mbeaḋ an tiubaist, an ċuing daoirse a ḃí ag cráḋ is ag creaċaḋ na dúṫa. Do teilgeaḋ isteaċ sa ṗríosún me ṫar ceann na saoirse.

**Acuilíne**

Cadé cúis?

ár gceart a ṫeastuiġ uainn a ḃaint amaċ.

MARTA

Cadé an ceart a ḃí uaiḃ?

FÁNUIḊE

Cadé an ceart a ḃí uainn? Is dóiġ do ṫeastuiġ uainn gan na daoine móra ḃeiṫ ar ṡíorċóisir, do ṁeasamair gur ċóir don bḟear oibre coṫrom a ċoda saoṫair dḟaġáil.

ACUILÍNE

Agus seilḃ sa talaṁ is dóċa?

FÁNUIḊE

Ó! gan aṁras. Scéal na talṁan ar fad.

ACUILÍNE

Ṁuise Dia na glóire agus Bainríġin na bḟlaiṫeas dá réiḋteaċ san. Is mór atá gannaċúise talṁan ag cur orainn. Agus cionnas tá an scéal agaiḃ indiu?

FÁNUIḊE

Indiu? Ar Moscó atá mo ṫriall féin. Beiḋ orm dul fé ḋéin ceannuiḋe saoṫair. Níl leiġeas air; iarrfad air go huṁal a roġa oibre a ċur orm, aċt me ṫógaint ar ṗáġa.

ACUILÍNE

Seaḋ, bḟearra ḋuit cupán eile a ṫógaint.

FÁNUIḊE

Go mairir.

Cainnt is foṫram le cloisint ar an gcasán amuiġ.

ACUILÍNE

Seo ċuġainn Míċeál; tá sé go tráṫaṁáil i gcóir an té.

MARTA

*Ag éiriġe ḋi.*

Agus Eaġnaċán ina ṫeannta! Ó, a ṫiarcais! Fágann san gur ar meisce atá sé.

*Ag fuaidreaṁ isteaċ do Ṁíċeál is d'Eaġnaċán.*

EAĠNAĊÁN

Cadé an ḃail atá oraiḃ go léir annso? Ḃur gcorp 'on diaḃal nác tráṫaṁail atáimíd i gcóir an té? Ċuaḋmair go dtí an teampul, ḃí an Easpairt i leaṫṫaoiḃ; ċuaḋmair ċum dinnéir, ní raiḃ éinġreim ann ná raiḃ iṫte roṁainn; ċuaḋmair go tiġ an táḃairne, ḃíomair díreaċ in am tráṫ. Ha, ha, há! Faġaimse cupán té agus ḃéarfad uisce beaṫa díḃ ina ionad. Sin coṫrom.

*É do ḋéanaṁ gáire.*

MÍĊEÁL

Cad as don ḃóic seo?

*É do poinnteáil ċum an ḟánuiḋe. É do ḃaint boidéil as brollaċ a ċasóige agus é dá leagaḋ ar an mbórd.*

Faġaim roinnt cupán annso.

ACUILÍNE

Seaḋ, ar éiriġ liḃ?

EAĠNAĊÁN

Do ċorp 'on diaḃal, a ḃean! D'éiriġ linn ṫar barr; d'ólamair braon, ḃí rí-rá againn, agus ṫugamair beagán diġe aḃaile linn.

Miċeál

*é do líonaḋ na gcupán as an mboidéal, aon ċupán aṁáin dá síne aige ċum a ṁáṫar agus ceann eile ċum an Ḟánuiḋe.*

Seo, bíoḋ deoċ agatsa ċoṁ maiṫ !

Fánuiḋe

*ag tógaint an ċupáin do.*

Ḃeirim buiḋeaċas díḃ ó ċroiḋe. Seo, fé ṫuairim ḃur sláinte.

*ag diúgaḋ an ċupáin do.*

Eaġnaċán

Rábaire groiḋe a mbasa. Féaċ an ċuma n-a n-ólann sé an deoċ, sa diaḃal é ! Is dóċa go séideann an t-ocras an braon de sciúird trí sna féiṫeaċa aige.

*líonann amaċ ceann eile ḋo.*

Fánuiḋe

*ag ól do.*

Go raiṫiġiḋ Dia siḃ i ngaċ beart.

Acuilíne

Seaḋ, an ḃfuairis airgead mór ar an ualaċ féir ?

Eaġnaċán

Á ! ṫ'anam 'on diaḃal, a ḃean : mór nó beag, tá sé go léir ólta againn. Náċ fíor dam é, a Ṁiċíl ?

Miċeál

Is fíor, gan aṁras. Ní ċum ḃeiṫ ag féaċaint air do rinneaḋ an t-airgead, aċt ċun é a ċaiṫeaṁ. Ní fuláir lá spóirt a ḃeiṫ ag duine uair éigin i riṫ céad bliaḋain.

MARTA

Cad ċuige an blaḋman go léir? Cadé an tairḃe é? Níl pioc le n' iṫe againn fé iaḋ an tiġe, agus ina ḋiaiḋ san féaċ cad atá ar siuḃal agatsa.

MÍĊEÁL

*é do laḃairt go bagartaċ léiṫi.*

A Ṁarta!

MARTA

Seaḋ, mise Marta: cad do b'áil leat de Ṁarta? Ó . ní luġa orm an sioc 'ná ṫu.

MÍĊEÁL

Féaċ, a Ṁarta!

MARTA

Ní ḟéaċfad. Níl éinníḋ ann gur fiú liom féaċaint air.

MÍĊEÁL

Líon na cupáin agus déin iad a roinnt ar ár gcáirdiḃ.

MARTA

Leig dam, a ġliúic. Ní háil liom laḃairt leat in éanċor.

MÍĊEÁL

Naċ áil? Cadé rud é sin a duḃraís, a straoille?

MARTA

Duḃart a nduḃart. Naċ áil liom laḃairt leat in éanċor. Siné aduḃart.

### Míċeál

An amlaiḋ ḋearmadais an méid a ṫárla an lá fé ḋeire ?

*É do ṗreabaḋ ón gclár, go dtugann sáṫaḋ ḋi, i gcás go dtuiteann an ciarsúir dá ceann.*

Sin !

### Marta

Ó ! oċón ! ó !

*Ag riṫ ċum an dorais ḋi.*

### Míċeál

Ní leigfeadsa ḋuit imṫeaċt as so, a ċairriúin.

*Ag riṫ ina treó ḋo.*

### Fánuiḋe

*Ag preabaḋ ón gclár do, go mbeireann ar ġéig ar Ṁíċeál.*

Ní ceart duit a leiṫéid sin a ḋéanaṁ.

### Míċeál

*Ag stad do, é dfeéaċaint le hiongna ar an bfánuiḋe.*

An fada ná fuairis griosáil ṁaiṫ ?

### Fánuiḋe

Ní ceart duit mná a ṁaslaḋ ar an gcuma san.

### Míċeál

Ó ! an é sin an port atá agatsa, a ċoileáin eaċtrannaiġ ? An bfeiceann tu é seo ?

*É do ṫeaspeáint a ḋoirn do.*

### Fánuiḋe

Ní leigfeadsa ḋ'éinne beiṫ ag gabáilt ar ṁnáiḃ ar an gcuma san.

MICEÁL

Tar éis mise beiṫ ag gabáilt ortsa ní beiḋ a ḟios agat an ar do ceann nó ar do ċosa a beir it ṡeasaṁ . . .

FÁNUIDE

Láṁ ar do ḋíċeall, séid leat! Cadé an ċúis ná fuilir dom bualaḋ?

é do ṡíne a aġaiḋ suas leis.

MICEÁL

ag cur guaillí air féin, agus é do ṡíne a ġéaga uaiḋ.

Agus abair go mbuailinn tu?

FÁNUIDE

Ná dubartsa leat é ḋéanaṁ? Buail!

MICEÁL

Seaḋ is dóiġ, is ait an mac tu, ó's follus dam i gceart tu.

é do leigean dá ġéagaib sile leis: é do ċrotaḋ a ċinn.

EAĠNAĊÁN

ag labairt leis an bFánuiḋe ḋo.

Is léir d'éinne go bfuil taiṫneaṁ agat do sna mná, sa diabal tu!

FÁNUIDE

Is gnáṫ liom a gceart a ċosaint dóib.

MICEÁL

ag teaċt ċum an búird do, é do ráḋ go tromanálaċ le Marta.

Seaḋ, a Ṁarta, buḋ ċeart duit coinneal ṁór a ċur ar lasaḋ i láṫair dealb na naoṁ ṫar a ċeann so. Bí mionrab déanta agam díot muna mbeaḋ é beiṫ ar an bfód.

**MARTA**

Ní héantairḃe a ḃeiṫ ag súil le n-a ṁalairt uait. Tar éis duine ḃeiṫ ag stracaḋ leis an saoġal, ag gaḃáil do ḃácáil, is do ċócaireaċt, ní túisce ráiniġeann . . .

**MÍĊEÁL**

Cuir uait feasta é, cuir uait!

*É do ṫairgsint braoin don ḃFánuiḋe.*

Ól suas é seo.

*Ag laḃairt le n-a ṁnaoi ḋó.*

Agus cad ċuige an ṁeill sin ort? An aṁla is misde do ḋuine beagáinín grinn? Seo!

*É do ṡíne airgid ċúiċi.*

Cuir i gcoimeád é. Tá ḋá nóta ṫrí-rúbail annsan agat, agus ḋá ṗíosa fiċe cóipeic.

**MARTA**

Agus cá ḃfuil an té is an siúicre?

**MÍĊEÁL**

*Ag baint an ḃeairtín as a ṗóca ḋó, go síneann ċum a ṁná é. Ise do ḃreiṫ an airgid is an ḃeairtín isteaċ sa tseómairín léiṫi agus í do ṡocruġaḋ an ċiarsúirín ar a ceann.*

Naċ míréasúnta an dream iad na mná so?

*É do ṫairgsint na diġe don ḃFánuiḋe aṫuair.*

Feaċ, ól braon eile ḋe seo.

**FÁNUIḊE**

*Ag diúltaḋ ḋó.*

Ní beag liom de. Ól féin é.

**MÍĊEÁL**

Seo leat, caiṫ uait an fústar.

### Fánuiḋe

*Ag ól na diġe ḋó.*

Raṫaṁnas ó Ḋia oraiḃ.

### Eaġnaċán

*Ag labairt leis an ḃFánuiḋe ḋó.*

Ní dóċa go ḃfuil éinteóra leis an méid iongantaisí a ċonnaicís-se i riṫ do ṡaoġail? Ó, náċ áluinn an ċasóg í seo atá umat! Agus í déanta sa ḃfaision nóḋ! Cá ḃfuairis in éanċor í?

*É do ṗoinnteáil ċum an ġiobail casóige atá um an ḃFánuiḋe.*

Ná bac le héindeisiúċán a ḋéanaṁ uirṫi, is breaġ an deallraṁ atá uirṫi ċeana, fág mar sin í. Tá sí ag dul 'san aois dar liom. Níl leiġeas ar an scéal san. Ḃeaḋ taitneaṁ ag an mbantraċt dam féin aċt a leiṫéid sin de ċasóig a ḃeiṫ umam!

*Ag cur ceisce ċum Marta ḋó.*

Naċ fíor dam é?

### Acuilíne

Ní paor duitse an fear so, a Eaġnaċáin. Naċ mór an náire ḋuit ceap magaiḋ a ḋéanaṁ de agus gan éineólus agat ina ṫaoḃ?

### Fánuiḋe

Is leór dá eólas é.

### Eaġnaċán

Le corp cineáltais a ḃíos-sa á ḋéanaṁ.

*É do ṫairgsint diġe don ḃFánuiḋe aṫuair.*

Féaċ, ól suas é seo.

### Acuilíne

Deir sé féin gur ab í máṫair gaċ uilc an ṁeisce, agus gur b'í ṫug sa ṗríosún é.

Míċeál

Cad fé ndear tu ċur sa ṗríosún?

Fánuiḋe

Ar ḋearġṁeisce ḋo.

Prap-ḟuadaċ a ċuir ann me.

Míċeál

Cadé rud é sin?

Fánuiḋe

Mar seo ṫárla an scéal. Fear mórċuirp a buail umam lá: "Sín ċuġam do ċuid airgid, nó scaoil-feadsa piléar as an bpiostal so tríot" arsa mise. Ṫug sé iarraċt ar éalóḋ mar seo is mar siúd, aċt i ndeire na dála do ṡín sé ċuġam dá ṁíle go leiṫ rúbal.

Acuilíne

Ó, a ṫiarcais an doṁain!

Fánuiḋe

Ḃí beartuiġṫe againn é roinnt i gceart, aċt ṫángaṫas anuas ar mullaċ cinn orainn láiṫreaċ bonn, gur gaḃaḋ is gur sáṫaḋ isteaċ sa ṗríosún sinn.

Eaġnaċán

Agus do rugadar leó an t-airgead, is dóċa?

Fánuiḋe

Do rugadar. Aċt níor éirig leó mise a ḋaoraḋ. "Do ġoidis airgead," arsa an fear aiṫnis liom féin lá na cúirte: "Gadaiḋṫe a ḋéineann gadaiḋeaċt, aċt ní ḋearnamair-na aċt prap-ḟuadaċ tar ceann ár gcumann polaitíoċta," arsa mise go lom díreaċ.

Agus ní raiḃ éinḟreagra aige ḋam ar an méid sin, bíoḋ go ndearna sé a díċeall. "Isteaċ sa ṗríosún leis," arsa eisean.

### Eaġnaċán

Is cliste an buaċaill tu! Toġa fir a mbaiste!

*é do ṫairgsint diġe ḋó.*

Ṫ'anam 'on diaḃal a ḋuine, ól suas é sin.

### Aculíne

Faire, faire, a ċoṁursa, naċ gránna an ċainnt í sin agat!

### Eaġnaċán

Agamsa? Ní le droċ-inntinn adeirimse é; níl ann aċt nós cainnte. Sa diaḃal siḃ, sa diaḃal siḃ! . . . Fé ṫuairim do ṡláinte, a ṡeanṁam.

*Ag casaḋ do Ṁarta ċum an ċláir: í do líonaḋ na gcupán de ṫé.*

### Míċeál

Siní an obair. Féaċ air sin agat, fearg a ṫeaċt ar ḋaoine i dtaoḃ suaraċais! Air seo bíoḋ a ḃuiḋeaċas san.

*Ag féaċaint ċum an ḟánuiḋe ḋó.*

Cadé do ṫuairim-se?

*Ag breiṫ barróige ar Ṁarta do.*

Tá gnaoi agamsa dom ṡeanṁnaoi féin. Féaċ. Níl a barr le faġáil, níl sin. Isí mo roġa í de ṁnáiḃ an tsaoġail.

### Eaġnaċán

Siné é, is maiṫ mar a ṫárla. Ná hólfá-sa braon a ṡeanṁam! Mise beiḋ ṫíos leis an gcostas.

### fánuiḋe

Féaċ air sin anois — an éifeaċt atá i spionnaḋ! Dólás ar fad a bí annso ó ċianaiḃ, aċt níl againn i láṫair na huaire seo aċt greann is aoiḃneas. Féaċ a ṡeanṁam, is mór é mo ġnaoi ḋuitse agus don uileḋuine. Seaḋ, a ḃráiṫre an ġrinn, déanfad cúpla rann a ġaḃáil díḃ:

É do ċanaḋ aṁráin dóiḃ.

### Miċeál

Tá greim doċt daingean beirṫa ag an mbraon air de ḋeasca an ocrais.

## RAḊARC A DÓ.

An ḃoṫóg ċéadna is ionad do.
An ṁaidean is tráṫ ḋó.
Marta is Aculíne i láṫair.

MARTA

Ag breiṫ ar ṫuaiġ ḋi.

Ní mór daṁsa dul d'iarraiḋ aḋḃar teine.

ACULÍNE

Í do ḃreiṫ ar ċalán crúiḋṫe.

Ḃí rian láiṁe Ṁiċíl ort aréir muna mbeaḋ an fear úd. Ní ḟeicim éinṗioc de indiu. Ní ḟeadar an imṫiġṫe atá sé? Is dóċa gur ab eaḋ.

Iad do ġabáil amaċ i ndiaiḋ a ċéile.

MIĊEÁL

Ag teaċt anuas de ḋruim an oiġin ṁóir ḃácála ḋó.

Aiḋe! Tá an ġrian go hárd sa spéir ċeana féin.

É do ċur a ḃróga uime.

Ní fuláir nó is imṫiġṫe d'iarraiḋ uisce atá sí seo, í féin is a máṫair. Ó! a ṫiarcais, an pian atá im ċeann! Sa diaḃal é mar ól; ní ḃainfead leis go bráċ arís! Aċt ḃfearra ḋam dul agus an culaiṫ a ċur ar an gcapall.

Marta do ṫeaċt isteaċ le bacla connaiḋ.

MARTA

Agus an bacaċ úd aréir? An imṫiġṫe atá sé?

MIĊEÁL

Ní fuláir nó is eaḋ. Níl a ṫuairisc annso.

MARTA

Bíoḋ aige má's eaḋ. Aċt ba ċliste an deagánaċ é.

MIĊEÁL

Ṫóg sé do páirt-se!

MARTA

Má ṫóg féin!

Miċeál do ċur a ċasóige uime.

Agus an té is an siúicre? Ar ċuiris i gcoimeád aréir iad?

MIĊEÁL

Ċeapas go rugais-se leat iad.

Acuilíne do ṫeaċt isteaċ, an calán ar iomċar aici agus é lán d'uisce.

MARTA

Ní dóċa gur ṫógais-se an beairtín úd, a ṁam?

ACUILÍNE

Níor ṫógas. Níor baineas-sa leis in éanċor.

MARTA

Do leagas annsan ar ṡlait na fuinneóige aréir é.

ACUILÍNE

Ó, seaḋ, is cuiṁin liom an méid sin, bíos ag féaċaint ort.

MARTA

Cá bfuil sé in éanċor mar beairtín?

Iad araon do ḋéanaṁ cuardaiġ do.

ACUILÍNE

Féaċ, naċ mór an náire é!

Coṁursa do ġabáil isteaċ.

COṀURSA

Seaḋ, an ḃfuilir ag teaċt don ċoill linn, a Ṁiċíl?

MIĊEÁL

Táim, gan aṁras. Ḃíos díreaċ ċum an capall a ġaḃáil aċt, mar is léir duit, tá rud éigin caillte againn.

COṀURSA

Aililiú! Agus cad atá caillte agaiḃ?

MARTA

É féin a ṫug ċuġainn roinnt té is siúicre ón mbaile mór aréir. Do leaġas uaim an beairtín annsan ar ṡlait na fuinneóige, agus níor ċuiṁniġeas ar é ċur i gcoimeád. Níl a ṫuairisc againn indiu.

MIĊEÁL

Agus táimíd in aṁras, go maiṫe Dia dúinn, gur fánuiḋe a ṫóg é, fear go dtugamair lóistín na hoiḋċe do.

COṀURSA

Cad iad a ċoṁarṫaí sóirt?

MARTA

Tá sé móḋ is lom, agus gan féasóg ar biṫ air.

MIĊEÁL

Agus a ċasóg ina réabaċ.

COṀURSA

Fear casdualaċ caṁṡrónaċ?

MIĊEÁL

Seaḋ, siné é!

comursa

Buail a leiṫéid umam anois díreaċ, agus do b'iongna liom a raiḃ dḟuadar fé.

míċeál

É siúd a ḃí ann gan éanagó. Cá ḃfeacaís é?

comursa

Ní dóiġ liom go mbeaḋ uain aige ḃeiṫ treasna an droiċid fós.

míċeál

*ag bualaḋ a ċaipín ar a ċeann, é do riṫ amaċ go héasca agus an ċomursa ina ḋiaiḋ.*

Béarfadsa ar an gcníopaire. Isé atá ann.

marta

Ó, naċ mór an náire é, naċ eaḋ sin! Bí deiṁniṫeaċ de gur b'é siúd atá ann.

acuilíne

Agus abair náċ é? Do cionṫuiġeaḋ duine annso fiċe bliaḋain ó ṡoin: ċuireadar ina leiṫ gur ġoid sé capall. Do ċruinniġ gasra mór ċuġainn. "Ná feaca féin é ag breiṫ ar an gcapall?" arsa duine aca. Duḃairt fear eile go ḃfeaca sé an beiṫiḋeaċ ar aḋstar aige. Capall mór breac-ruaḋ do b'eaḋ é, gur ḃfuiris é ṫabairt fé ndeara. Ċrom gaċ éinne ar ḃeiṫ dá ċuardaċ, agus ġaḃadar buaċaill istiġ sa ċoill. "Tusa a ġoid an capall," arsa iadsan. Beireann seisean a ṁionna is a ṁóide ná raiḃ baint aige féin le capall ar biṫ. "Cadé an ṁaiṫeas ḃeiṫ ag éisteaċt leis?" arsa iadsan. "Ḋearḃuiġ na mná ná raiḃ éanaṁras orṫa ná gur b'é seo rinn an gníoṁ?" Leis sin, duḃairt an buaċaill rud éigin a ċuir fearg orṫa. Fear

lasanta do b'eaḋ Seóirse Lapúiscin, beannaċt Dé le n-a anam. "Tusa a rinn é," arsa eisean agus do ṗreab sé isteaċ is do ḃuail an buaċaill sa ḃéal. Agus do luiġ an ċuid eile go léir ar ġaḃáil de ḋóirniḃ is de ḃataiḃ ar an mbuaċaill, gur ḟágadar gan anam ar an láṫair sin é. Aċt fan go n-airiġir! . . . Ar n-a ṁáireaċ san do fuaireaṫas an gadaiḋe ceart. Ní raiḃ á ḋéanaṁ ag an mbuaċaill a ṁarḃuiġdar aċt ag cur coṁarṫa ar ċrann i gcóir é leagaḋ.

MARTA

B'éidir gur ab í an éagcóir atá againn dá ċur air seo. Tá sraṫair na haindeise air fé láṫair, aċt cuma an ḟiréin a ḃí air.

ACUILÍNE

Truaġán ceart atá ann. Ní héanċaḃair beiṫ ag braiṫ ar éinníḋ foġanta óna leiṫéid.

MARTA

An gcloisir an gleó is an puililiú san? Á ṫaḃairt isteaċ atáid is dóċa.

*Ag gaḃáil isteaċ do Ṁíċeál, don ċoṁursain, do ṡeanduine agus do ġarsún, agus iad ag sáṫaḋ an ḟánuiḋe rómpa.*

MÍĊEÁL

*Ag laḃairt go bíogṫa le n-a ṁnaoi ḋó agus an beairtín ina láiṁ aige.*

Fuaireamair an beairtín ina ṡeilḃ.

*É do laḃairt ċum an ḟánuiḋe.*

Naċ deas an coileán tu! A ḃiṫeaṁnaiġ na croiċe!

### Acuilíne

do laḃairt le Marta.

An t-aindeiseóir boċt céadna. Féaċ air agus a ċeann fé.

### Marta

Do ḋeallroġaḋ an scéal gur do féin a ḃí sé ag tagairt aréir agus é ag cur síos dúinn ar an té a ċuireann ċuige gaċ níḋ a ṫagann fé n-a láiṁ nuair ḃíonn braon ólta aige.

### Fánuiḋe

Ní gaduiḋe mise ċoiḋċe; aċt fear prap-ḟuadaiġ. Níl éinne agaiḃse a ṫuigeann an cás. Déiniḋ ḃur roġa ruḋ liom.

### Coṁursa

Beiriḋ os coṁair ṡeanóir na sráiḋe é, nó ag triall ar an nGárda Síoċána lom díreaċ!

### Fánuiḋe

Ná duḃart liḃ ḃur roġa ruḋ a ḋéanaṁ. Níl éinpioc eagla ormsa, agus táim uṁal ar ġaḃáil leis an bpionós is dual do sna tuairmí atá agam. Ṫuigfeaḋ siḃse an cás aċt foġluim is múine ḃeiṫ oraiḃ.

### Marta

í do ráḋ le n-a fear.

Abair go scaoilimís leis, in ainm Dé, ó ṫárla an beairtín againn ṫar n-ais. Leig do imṫeaċt, agus ná ḃíoḋ peaca eile orainn.

### Míċeál

"Peaca eile!" Seanmóinteaċt atá ar siuḃal agat? Cad déanfaimís it iongnais in éanċor!

MARTA

Cadé an ċúis ná leigfá do imṫeaċt?

MIĊEÁL

Imṫeaċt! Níl éanġnó againn det ċoṁairle-se, a óinseaċ! "Leig do imṫeaċt!" Tugaḋ sé a ḃóṫar air, aċt caiṫfe sé éisteaċt liomsa ar dtúis.

*Ag labairt leis an ḃfánuiḋe ḋó.*

Seaḋ, éist le n-a ḃfuil agamsa le ráḋ leat. Taoi i ndroċ-rioċt fé láṫair gan éanagó, aċt sin droċḃeart do rinnis — droċḃeart críoċnuiġṫe. Dá mbuḋ fear eile ḃeaḋ annso im ionad-sa do ḃrisfeaḋ sé do ċnáṁa agus ḃeifá fé ġlas ag an ngárda; ní abraim aċt an méid seo — droċḃeart atá déanta agat, droċḃeart críoċnuiġṫe, aċt ní mian liom baint leat ó ṫárla ṫu in anċruṫ.

*É do stad dá ċainnt go cionn tamaillín, agus gan gíog as éinne. É do leanaṁaint den ċainnt annsan:*

Imṫiġ leat, agus go gcuire Dia ar do leas tu, agus ná déin a leiṫéid seo arís.

*Ag féaċaint idir an dá ṡúil ar a ṁnaoi ḋó.*

Agus ḃeifá-sa ag taḃairt coṁairle ḋaṁsa!

COṀURSA

Ní ceart duit san a ḋéanaṁ, a Ṁiċíl; ní cóir maiṫeaṁ do ar an gcuma san. Déanfa sé an rud céadna an céad iarraċt eile a ġeóḃa sé an ċae.

MIĊEÁL

*Agus an beairtín fós ina láiṁ aige.*

Liomsa a ráḋ an ceart é scaoile nó é ċoimeád.

*É do ráḋ le n-a ṁnaoi.*

Agus ṁeasfá-sa coṁairle a ṫaḃairt daṁsa!

*Ag stad do, é dféaċaint ar an mbeairtín agus ar a ṁnaoi annsan. É do ráḋ go sollamanta leis an ḃfánuiḋe.*

Beir leat é, féadfir é ól ar do ṫuras.

*É d'iompóḋ ċum a ṁná.*

Agus do ṁeasais-se coṁairle a ṫaḃairt daṁsa !

*Ag laḃairt leis an ḃFánuiḋe ḋo.*

Imṫiġ leat, féiḃ mar aduḃart. Imṫiġ, agus ná bíoḋ éanargóint agat.

FÁNUIḊE

*Ag tógaint an ḃeairtín do, agus gaċ éinne ina ṫost.*

An dóiġ liḃ ná tuigimse briġ an scéil seo ?

*É do ráḋ de ġlór ċriṫeánaċ:*

Is me a ṫuigeann go cruinn é. Ní ġoillfeaḋ sé ċoṁ mór orm siḃ dom ġreadaḋ mar a ġreadfaiḋe coileán gaḋair. An dóiġ liḃ ná tuigimse cad is ceart a ṫaḃairt orm ? Níl ionnam aċt claḋaire agus meaṫarán. Maiṫiḋ dam i gconntas Dé.

*Ag cromaḋ ar ġol do, é do ċaiṫeaṁ an ḃeairtín ar an gclár agus é do ċur de amaċ an doras go héasca*

MARTA

A mbasa gur maiṫ an ḃail orainn nár ċoinġiḃ sé an té, mar ní ḃeaḋ éanḃraon de le n' ól againn.

MIĊEÁL

*É do ráḋ le n-a ṁnaoi :*

Agus tusa ag taḃairt coṁairle ḋaiṁsa !

COṀURSA

Ar ċualaḃair ag gol é, an créatúir boċt !

ACUILÍNE

Fear agus fíoraon do b'eaḋ é, tar éis an tsaoġail.

[Brat fé]

LIBRARY
17 NOV 1977
UNIVERSITY OF TORONTO

muinntir dollard, teó.,

do ċlóḃuail.

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY

UTL AT DOWNSVIEW
D RANGE BAY SHLF POS ITEM C
39 15 06 02 10 008 1